

Comhlachtaí comhairleacha an Aontais Eorpaigh

Próisis chun tuairimí a thabhairt curtha i bhfeidhm, ach tá tráthúlacht agus tomhas ar thionchar fós dúshlánach



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA HEORPA

Clár

Alt

01-14 | **Príomhtheachtaireachtaí**

01-07 | **An chúis go bhfuil an réimse seo tábhachtach**

08-14 | **Gach a bhfuaireamar agus a bhfuil á mholadh againn**

15-66 | **Súil níos grinne ar ár mbarúlacha**

15-37 | **Treoraíonn próisis le haghaidh bainistithe cáilíochta ullmhú na dtuairimí, ach tá bearnaí sna nósanna imeachta chun saineolaithe a roghnú**

17-20 | Clúdaíonn na nósanna imeachta timthriall tabhartha iomlán na tuairime

21-23 | Tá rialacha sonracha i bhfeidhm chun freagairtí tráthúla a chumasú i gcásanna práinneacha

24-29 | Leanann na Coistí treoirínite dréachtaithe agus na próisis athbhreithnithe atá bunaithe nuair atá tuairimí á dtabhairt acu

30-33 | Cuimsítear le tuairimí comhairliúchán córasach le raon éagsúil páirtithe leasmhara

34-37 | Tá bearnaí i nósanna imeachta an Choiste chun saineolaithe a roghnú

38-51 | **Ní thagann tuairimí chomh fada le reachtóirí an Aontais in am i gcónaí, agus ní dhéantar faireachán córasach ar mhoilleanna**

40-41 | Is dúshlán é tuairimí a thabhairt laistigh de na spriocdhátaí institiúideacha

42-47 | Cuirtear tarchuir éigeantacha ar fáil ródhéanach uaireanta chun go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa iad a mheas go gníomhach

48-51 | Ní dhéanann na Coistí rianú córasach ar spriocdhátaí institiúideacha nó polaitiúla

52-66 | **Tuairiscíonn na Coistí ar fhor-rochtain, ach le faisnéis theoranta faoi thionchar na dtuairimí**

54-59 | Tá réimse leathan uirlisí cumarsáide agus for-rochtana ag an dá Choiste ach ní úsáidtear go córasach iad

60-66 | Ní dhéanann na Coistí tomhas córasach ar an gcaoi a léirítear a dtuairimí sa reachtaíocht deiridh

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Maidir leis an iniúchadh

Bunús agus cuspóir chomhlachtaí comhairleacha an Aontais

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Coiste Eorpach na Réigiún

Scóip agus cur chuige na hIniúcháireachta

Iarscríbhinn II – Próisis CESE chun tuairimí a dhréachtú agus a ghlacadh

Iarscríbhinn III – Próisis CnaR chun tuairimí a dhréachtú agus a ghlacadh

Iarscríbhinn IV – An t-am a chuaigh thart go dtí glacadh an tseisiúin iomlánaigh, tuairimí sampláilte

Iarscríbhinn V – An t-am a chuaigh thart go dtí glacadh an tseisiúin iomlánaigh, tuairimí sampláilte

Iarscríbhinn VI – Samplaí de thuairimí féintionscnaimh a d'fhéadfadh cur le hathruithe reachtacha

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Freagraí ó Choiste Eorpach na Réigiún

Amlíne

An fhoireann iniúcháireachta

Príomhtheachtaireachtaí

An chúis go bhfuil an réimse seo tábhachtach

- 01** Is iad Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) comhlachtaí comhairleacha an Aontais Eorpaigh, arna mbunú ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ionadaithe ó thrí ghrúpa atá in CESE: fostóirí, oibreoirí agus an tsochaí shibhialta, d'fhonn daonlathas rannpháirtíochta a chur chun cinn. Is éard atá i gceist le CnaR ná ionadaíocht oifigiúil a dhéanamh ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le beartais an Aontais a mhúnlú agus a chur chun feidhme. Inár dtuarascáil, tagróimid don dá chomhlacht mar 'na Coistí'.
- 02** Sonraítear in CFAE nuair is gá d'institiúidí an Aontais tuairimí a iarraidh ('tarchuir éigeantacha'), nuair is féidir leis na hinstiúidí dul i gcomhairle leis na comhlachtaí comhairleacha (tuairimí 'seachbhreathnaitheacha' agus 'taiscéalacha'), agus nuair is féidir leis na Coistí gníomhú ar a dtionscnamh féin¹ (**Fíor 4 d'Iarscríbhinn I**). Úsáidtear tarchuir éigeantacha chun páirt a thabhairt do na Coistí i bpróiseas reachtach an Aontais a luaithe a chuireann an Coimisiún Eorpach togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

¹ Airteagail 304 agus 307 CFAE.

- 03** Cé go gceanglaítear le CFAE ar an bParlaimint agus ar an gComhairle chun dul i gcomhairle leis na Coistí le linn an phróisis reachtaigh, tá na hinstitiúidí sin fós discréideach maidir le freagra a thabhairt ar thuairimí agus moltaí na gCoistí. Déanann brústocairí, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus grúpaí sainleasa eagraithe lasmuigh de chreat institiúideach CFAE iarracht tionchar a imirt ar chinnteoirí freisin².
- 04** Le caighdeáin idirnáisiúnta – ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), ó na Náisiúin Aontaithe agus ó Chomhairle na hEorpa – cuirtear i dtábhacht gur cheart ról institiúidithe a bheith ag comhlachtaí comhairleacha sa dea-rialachas agus sa daonlathas rannpháirteach. De réir ECFE, cruthaíonn comhlachtaí comhairleacha nasc idir lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara, lena gcomhcheanglaítear saineolas, ionadaíocht agus dlisteanacht. ‘Tá ról lárnach ag na comhlachtaí sin.. trí chur le faisnéis, le fíricí agus le fianaise i gcéimeanna éagsúla an timhrialla beartais’³. Dá réir sin, ní hamháin go gcuireann a dtuairimí treoraíocht neamhcheangailteach agus eolas speisialaithe ar fáil, ach cuireann siad le rannpháirtíocht dhaonlathach agus le dlisteanacht freisin, toisc go gcuireann siad ar chumas chomhaltaí na sochaí ar leibhéal éagsúla rannchuidiú le ceapadh beartas.
- 05** Díríonn ár n-iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm agus atá beartaithe chun cur ar chumas na gCoistí tuairimí ábhartha agus ardcháilíochta a tháirgeadh, iad a thabhairt in am chun rannchuidiú leis an bpróiseas reachtach, agus anailís chórasach a dhéanamh ar a dtionchar. Chlúdaíomar na próisis a d’úsáid CESE agus CnaR chun tuairimí a chur le chéile idir 2019 agus 2024 (1 372 thuairim san iomlán). Scrúdaíomar gach cineál tuairime ón gCoiste agus an próiseas táirgthe ar fad, ó phleanáil straitéiseach go tionchar a gcuid oibre a thomhas. I gcás sampla de 60 tuairim (30 tuairim ó gach Coiste, maidir le cineálacha éagsúla tuairimí, réimsí beartais agus blianta le linn théarma parlaiminteach 2019-2024), scrúdaíomar an próiseas dréachtaithe, bearta rialaithe cáilíochta, tráthúlacht, agus cloí le rialacha nós imeachta (RNI). Féach [Iarscríbhinn I](#), míreanna [12-14](#) le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis an gcur chuige iniúcháireachta.
- 06** Rinneamar measúnú ar na próisis a d’úsáid an dá chomhlacht chomhairleacha a ceapadh chun tacú leis an méid seo a leanas:
- tuairimí ardcháilíochta agus ábhartha a chur ar fáil;
 - tuairimí a thabhairt in am chun cur leis an bpróiseas reachtach;
 - an anailís ar an gcaoi a ndéanann páirtithe leasmhara institiúideacha a dtuairimí a mheas le linn an phróisis reachtaigh.

Ní dhearnamar scrúdú díreach ar ábhar thuairimí na gCoistí.

² Panke, D., Hönnige, C. agus Gollub, J., *Coistí Comhairleacha san Aontas Eorpach: Gan Vótáil – Gan Tionchar?* An Cuibhreannas Eorpach um Thaighde Polaitiúil, 2015.

³ ECFE (2017), *Córais Chomhairleacha Beartais: Tacú le Dea-Rialachas agus le Cinnteoireacht Phoiblí Fhóna*, Athbhreithnithe ECFE ar Rialachas Poiblí, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 15.

07 Tugann ár n-iniúchadh deis thráthúil chun tacú leis an dá Choiste trí mheasúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht, ós rud é gur chuir siad tús le téarmaí oifige nua le déanaí. Le blianta beaga anuas (2022 agus 2024), tá athnuachan déanta ag an dá Choiste ar a gcomhaontuithe comhair le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, rud a threisiónn a gcomhpháirtíochtaí institiúideacha. Táimid ag dréim leis go gcuideoidh ár bhfionnachtana le próisis na gCoistí a neartú chun tuairimí a chur ar fáil. Beidh sé sin ábhartha ní hamháin do na Coistí féin, ach freisin do na hinstiúidí reachtacha a fhaigheann na tuairimí sin agus do pháirtithe leasmhara seachtracha eile.

Gach a bhfuaireamar agus a bhfuil á mholadh againn

08 Ar an iomlán, tá nósanna imeachta maidir le bainistíocht cháilíochta ag an dá Choiste a thacaíonn lena dtuairimí a chur le chéile, ach tá bearnaí i nósanna imeachta chun saineolaithe a roghnú. Uaireanta, eisiónn na Coistí tuairimí ródhéanach chun tionchar a imirt ar chinnteoireacht an Aontais, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó ábharthacht na dtuairimí. Cé go ndéanann na Coistí faireachán ar fhor-rochtain, níl na córais atá acu faoi láthair ceaptha chun meastóireacht a dhéanamh go córasach ar thorthaí ná ar ghlacadh reachtach. Freisin, díríonn na táscairí atá ann cheana go príomha ar infheictheacht agus ar mhéid, seachas ar thionchar.

09 Maidir le pleanáil, leagann CnaR tosaíochtaí ilbhliantúla síos atá ailínithe le timthriall reachtach an Aontais. Déanann CESE pleanáil ar leibhéal téamach, ach níl pleanáil straitéiseach, fhadtéarmach, ná uile-Choiste é an pleanáil céanna. Tá rialacha agus treoraíocht shoiléir ag an dá Choiste lena gcumhdaítear an timthriall táirgthe iomlán do gach cineál tuairime, atá ceaptha chun leibhéal comhsheasmhach cáilíochta agus caighdeánaithe a áirithiú. Áirítear leis sin rialacha maidir le formáid, fad, dréachtú agus athbhreithniú tuairimí sula nglacfar go críochnaitheach iad. Tá próisis agus socruithe speisialta forbartha ag na Coistí freisin le haghaidh cásanna práinneacha. Tacaíonn riarthóirí le rapóirtéirí trí fhaisnéis bheartais ábhartha a sholáthar agus trí shoiléireacht agus comhsheasmhacht téacsanna a sheiceáil le linn phróiseas ullmhúcháin na dtuairimí. Roinneann CESE agus CnaR roinnt seirbhísí riaracháin agus tacaíochta don aistriúchán, don lóistíocht agus do thacaíocht TF chun dúbláil acmhainní a sheachaint. Féach míreanna [17-29](#).

- 10** Baineann an dá Choiste úsáid fhorleathan as saineolaithe chun cabhrú leo tuairimí a dhréachtú, ach níl critéir thrédhearcacha ag ceachtar acu lena roghnú. Níl nósanna imeachta bunaithe ag CnaR ach an oiread chun saineolaithe a roghnú, ná clár saineolaithe a bhí ag obair leo roimhe sin ar leibhéal an Choiste. Mar thoradh air sin, tá an baol ann go mbeidh claontacht ann, go gcuirfear bac ar thrédhearcacht, agus dá bhrí sin, is riosca é do chlú na gCoistí. Féach míreanna [30-36](#).



Moladh 1

Trédhearcacht i roghnú saineolaithe a fheabhsú

Maidir le saineolaithe a roghnú:

- (a) ba cheart do gach Coiste critéir a bhunú agus a fhoilsiú:
- (b) ba cheart do CnaR nósanna imeachta agus clár lárnach saineolaithe a fhorbairt chun an obair a rinne siad roimhe seo don Choiste agus dá réimsí saineolais a thaifeadh.

Spríodhata don chur chun feidhme: Nollaig 2026

- 11** Thug CESE a thuairimí uaidh laistigh de na spríoc-amanna a leag Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún síos in 71 % de na cásanna, ach chomhlíon CnaR na spríoc-amanna sin in 33 % dóibh. Chuir an dá Choiste in iúl dúinn, áfach, go dtugann siad tús áite do spríodhataí polaitiúla: tá sé mar aidhm acu a dtuairimí a thabhairt sula ndéantar an vótáil sa choiste ábhartha de Pharlaimint na hEorpa. Bhain CESE an spríoc seo amach in 84 % de na cásanna agus bhain CnaR an spríoc amach in 74 %. Féach míreanna [40-47](#).
- 12** Níl príomhtháscairí feidhmíochta ná córais uathoibríthe ag ceachtar den dá Choiste chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh spríodhataí institiúideacha agus polaitiúla ar bhealach atá comhsheasmhach agus córasach. Cuireann an easpa rianaithe feidhmíochta uathoibríthe agus foláireamh bac ar scrogaill a shainaitheint go luath agus ar fheidhmíocht a thuairisciú ina dhiaidh sin. Féach míreanna [48-51](#).



Moladh 2

Faireachán ar thráthúlacht na tuairime a fheabhsú

Ba cheart do gach Coiste an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) príomhtháscairí feidhmíochta a thabhairt isteach maidir le tráthúlacht (e.g. % de na tuairimí a glacadh laistigh de spriocdhátaí institiúideacha agus polaitiúla);
- (b) rianú uathobrithe spriocdhátaí agus foláirimh a chomhtháthú ina n-uirlisí sreafa oibre;
- (c) anailís a dhéanamh chun fáil amach an bhfuil gá le coigeartuithe eagraíochtúla chun glacadh tuairimí níos tapúla a chur chun cinn.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2027

- 13** Tá nuashonrú déanta ag na Coistí ar a straitéisí cumarsáide, lena gcumhdaítear úsáid roinnt uirlisí (na meáin shóisialta, suíomhanna gréasáin, preasráitis), líonraí leathana páirtithe leasmhara agus raon de ghníomhaíochtaí for-rochtana spriocdhírthe. Neartaigh siad freisin a gcomhar idirinstiúideach le Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, agus chruthaigh siad líonraí chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a neartú. Féach míreanna [54-59](#).
- 14** D'ainneoin gur aithin an dá Choiste gur tosaíocht straitéiseach é an tionchar a thomhas, níor chuir siad an méid sin chun feidhme sa chleachtas go fóill. Déanann an dá Choiste aschur a thomhas (an méid tuairimí, a mhéid lua sna meáin, etc.) ach ní dhéanann siad torthaí ná tionchar a dtuairimí ar an reachtaíocht a thomhas. Cé gur thug CnaR tuairisciú tionchair bliantúil isteach in 2015, tá sé fós tuairisciúil agus bunaithe ar aschur. Déanann CESE faireachán ar thionchar na dtuairimí ar leibhéal na rannóg téamach agus ar leibhéal an ghrúpa, ach níl córas tuairiscithe caighdeánaithe ar fud an Choiste aige. Cé go bhfuil athbhreithniú déanta ag an dá Choiste ar fhormáid a dtuairimí chun measúnú tionchair a éascú, ní rianaíonn ceachtar den dá Choiste go comhsheasmhach an chaoi a léirítear a gcuid moltaí i reachtaíocht an Aontais. Féach míreanna [60-66](#).



Moladh 3

Tomhas feidhmíochta a institiúidiú

Ba cheart do na Coistí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go leanúnach le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus táscairí atá bunaithe ar thorthaí a thabhairt isteach (e.g. méid na dtuairimí a léirítear sa reachtaíocht, glacadh institiúideach) ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar;
- (b) tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht le táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon.

Spriodhata don chur chun feidhme: Nollaig 2027

Súil níos grinne ar ár mbarúlacha

Treoraíonn próisis le haghaidh bainistithe cáilíochta ullmhú na dtuairimí, ach tá bearnaí sna nósanna imeachta chun saineolaithe a roghnú

- 15** Measann ECFE gur gá do chomhlachtaí comhairleacha beartais ról agus freagrachtaí soiléire a bheith acu chun tuairimí ardcháilíochta a ullmhú⁴. Ba cheart do chomhlachtaí comhairleacha clár oibre a ailíniú le timthriallta reachtacha agus tosaíochtaí institiúideacha. Aithníonn ECFE freisin a thábhachtaí atá dréachtú trédhearcach, agus rannpháirtíocht saineolaithe le haghaidh dearbhú cáilíochta⁵.

⁴ Ibid., lgh. 72 agus 84.

⁵ Ibid., lgh. 12, 45 agus 79.

16 D'fhonn cineálacha éagsúla tuairimí a chur le chéile agus a bhainistiú, bheimis ag dréim leis go mbunódh na Coistí na nithe seo a leanas:

- rialacha soiléire, modhanna oibre, nósanna imeachta, freagrachtaí cinnteoireachta agus sreafaí oibre doiciméadaithe, lena gcumhdaítear an próiseas iomlán ón bpleanáil go dtí an glacadh críochnaitheach – rud a léiríonn freisin cur chuige reachtach an Aontais san fhadtearma agus sa ghearrthearma (bliantúil).
- bearta iomchuí práinne agus teagmhasacha chun freagairtí tráthúla ar chúraimí nua nó ar chúraimí gan choinne a áirithiú;
- treoirlínte agus íoschaighdeáin a dhréachtú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis chun cruinneas agus comhleanúnachas tuairimí a sheiceáil (lena n-áirítear cineál, fad, formáid) chun cáilíocht a fheabhsú;
- próisis chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil ionadaíocht acu ar na Coistí a chur san áireamh;
- critéir agus próisis thrédhearcacha chun saineolaithe a roghnú.

Clúdaíonn na nósanna imeachta timthriall tabhartha iomlán na tuairime


17 Tá sreafaí oibre bunaithe ag an dá Choiste lena gcumhdaítear an próiseas iomlán chun tuairimí a eisiúint. Tugtar tuairisc ar na próisis i Rialacha Nós Imeachta (RNI), a thugtar cothrom le dáta go rialta⁶, agus a shonraítear i bhforálacha cur chun feidhme. Léirítear i **bhFíor 1** na céimeanna éagsúla atá i gceist agus na rialacha a bhaineann le gach céim. Tá idirghníomhaíocht le Parlaimint na hEorpa⁷ agus leis an gCoimisiún⁸ leagtha síos i gcomhaontuithe comhair. Le blianta beaga anuas (2022 agus 2024), tugadh iad sin cothrom le dáta freisin.

⁶ CESE 2022 RNI, CnaR 2024 RNI.

⁷ Comhaontú Comhair CESE 2024 le Parlaimint na hEorpa agus Comhaontú Comhair CnaR 2024 le Parlaimint na hEorpa.

⁸ Prótacal CESE 2022 leis an gCoimisiún Eorpach agus Prótacal CnaR 2024 leis an gCoimisiún Eorpach.

Fíor 1 | Timthriall tabhartha tuairimí



Foinse: Rialacha nós imeachta le haghaidh CESE agus CnaR.

- 18** Tá a thosaíochtaí polaitiúla ilbhliantúla féin ó CnaR ailínithe le tosaíochtaí institiúideacha agus timthriall reachtach an Aontais Eorpaigh. Tá pleanáil fhadtéarmach CESE bunaithe ar réimse d'ionstraimí bliantúla téamacha a forbraíodh ar leibhéal na rannóg téamach. Níl socraithe tosaíochtaí atá níos fadtéarmaí do CESE ina iomláine ann agus cuireann sé sin teorainn le pleanáil a bheadh níos straitéisí agus níos trasghearrthaí dá chuid oibre. Measaimid go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás tuairimí féintionscnaimh, a bhfuil a n-ábharthacht ag brath ar a bheith ailínithe le tosaíochtaí institiúideacha réamhbhreathnaitheacha. Mar sin féin, in 2024-2025, sheol CESE próiseas chun bogadh i dtreo cur chuige pleanála níos straitéisí agus níos comhtháite.
- 19** Leagtar amach in RNI gach Coiste rialacha sonracha maidir le sreabhadh oibre le haghaidh gach cineáil tuairime: tarchuir, tústuairimí, tuairimí féintionscnaimh agus rúin, féach (*Fíor 2*). Sonraítear in RNI túsphointe gach tuairime, na nósanna imeachta dréachtaithe agus formheasa is gá, agus an chaoi ar cheart an t-aschur a sheachadadh chuig institiúidí an Aontais.

Fíor 2 | Nósanna imeachta maidir le cineálacha éagsúla tuairimí

Catagóirí aschuir CESE agus na RNInna

Tarchuir (Rialacha 51, 62, 70): arna iarraidh sin don Pharlaimint, don Chomhairle nó don Choimisiún (Airteagal 304 CFAE). Leithdháileann an Biúró ar na rannóga; rapóirtéirí agus grúpaí staidéir ceaptha. Dréachtaithe i ngrúpaí staidéir → glactha de réir rannóige → seisiún iomlánach. Déileáil leis mar thuairimí de Chatagóir A i gcatagóirí CESE.

Tuairimí féintionscnaimh (Riail 52): arna thionscnamh ag CESE (rannóga, grúpaí, Biúró, seisiún iomlánach). Ní mór formheas a fháil ón mBiúró sula gcuirfead tús leis an dréachtú. Úsáidtear iad go minic chun saincheisteanna atá tábhachtach d'fhostóirí, d'oibrithé nó don tsochaí shibhialta a ardú. Déileáiltear leo mar thuairimí de Chatagóir C.

Tuarascálacha faisnéise (Rialacha 25, 31, 47, 49): anailís neamhcheangailteach arna iarraidh ag an mBiúró nó ag rannóga. Tacú le díospóireachtaí nó an bealach a réiteach do thuairimí a bheidh ann amach anseo.

Tuairimí taiscéalaocha (Riail 47): arna iarraidh sin freisin ag an gComhairle (lena n-áirítear Uachtaránachtaí rothlacha na Comhairle), ag an bParlaimint, nó ag an gCoimisiún roimh thograí reachtacha. Le haghaidh ionchur luath i ndearadh beartais. Déileáiltear leo mar thuairimí de Chatagóir B nó B+.

Tuairimí, rúin agus tuarascálacha eile (Rialacha 50, 52, 64): ráitis pholaitiúla maidir le saincheisteanna práinneacha (cearta an duine, tosaíochtaí AE). Arna ghlacadh sa suí iomlánach gan nós imeachta na tuairime iomláine. Úsáidtear iad le haghaidh teachtaireachtaí polaitiúla tapa.

Catagóirí aschuir CnaR agus na RNInna

Tarchuir (Rialacha 41-44): arna iarraidh sin don Pharlaimint, don Chomhairle nó don Choimisiún (Airteagal 307 CFAE). Éigeantach nó roghnach. Cumhdaíonn 'atreoruithe amach ón gcósta' beartais a dhéanann difear d'údarais áitiúla agus réigiúnacha, e.g. sláinte phoiblí nó iompar. Ionchódaithe in Agora, sannta do choimisiúin, rapóirtéir ceaptha trí chóras pointí. Tar éis do choimisiún de chuid CnaR é a ghlacadh → seisiún iomlánach.

Dhá chineál tuairimí féintionscnaimh

Riail 41(b)(i): tuairimí féintionscnaimh ar bhonn doiciméid nó arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na Comhairle (tuairimí roghnacha).

Riail 41(b)(ii): tuairimí féintionscnaimh gan aon doiciméad CE ná iarraidh shonrach ó institiúidí eile (tuairimí féintionscnaimh polaitiúla). Údarú ón mBiúró ag teastáil chun an dara ceann a ullmhú.

Tuairimí ionchais (Riail 41(d)): arna iarraidh sin ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún **sula ndréchtaíonn siad reachtaíocht**. Láimhseáilte amháil tarchuir, ach scóip agus amlínte níos solúbtha. Nasctha go minic le tosaíochtaí Uachtaránacht na Comhairle nó le clár oibre an Choimisiúin.

Rúin (Riail 46): dearbhuithe polaitiúla, go minic maidir le saincheisteanna práinneacha. Arna dhréachtú ag na grúpaí polaitiúla nó ag an mBiúró. Glacadh simplithe (níl gá le rapóirtéir).

Ionstraimí eile (Riail 45): ranníocaíochtaí le hidirphlé idirinstiúideach (e.g. tuarascálacha bliantúla).

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialacha Nós Imeachta CESE agus CnaR.

20 Cuirtear na próisis chun tarchuir agus tuairimí féintionscnaimh a dhréachtú agus a ghlacadh, agus sreafaí oibre gach céime i láthair in *Iarscríbhinn II* (CESE) agus in *Iarscríbhinn III* (CnaR). Inár sampla de 60 tuairim, fuairamar gur chloígh an dá Choiste lena RNI.

Tá rialacha sonracha i bhfeidhm chun freagairtí tráthúla a chumasú i gcásanna práinneacha

- 21** Tá próisis chinnteoireachta agus socruithe leanúnachais gnó an-tapa forbartha ag an dá Choiste i gcás géarchéimeanna agus suaití oibríochtúla. I gcásanna inar gá, ceadáíonn RNI na do CESE ‘nósanna imeachta práinne’ a úsáid chun spriocdhátaí dochta a chomhlíonadh. In ionad grúpa staidéir agus rannóg a úsáid, is féidir le CESE rapóirtéir ginearálta a cheapadh chun tuairim a dhréachtú agus í a chur faoi bhráid an tsuí iomlánaigh go díreach lena glacadh. Cé go gcuireann sé sin dlús leis an bpróiseas trí thimthriallta dréachtaithe agus athbhreithnithe iomadúla a sheachaint, cuireann sé teorainn freisin le scóip an téarma ‘comhréiteach dinimiciúil’ atá ag CESE, nó an modh atá aige chun teacht ar chomhthoil i measc a dtrí chomhghrúpa (mír [05 d’Iarscríbhinn I](#)). Ina theannta sin, is féidir le CESE na sprioc-amanna le haghaidh aistriúchán a ghiorrú.
- 22** Amhail in CnaR, is féidir rapóirtéir ginearálta a cheapadh chun dréacht-tuairim phráinneach a chur faoi bhráid an tseisiúin iomlánaigh lena glacadh. Is féidir le CnaR rúin phráinneacha a chur ar aghaidh freisin seachas tuairim fhoirmiúil agus ó 2024 i leith, ligean a RNI do thuairimí práinneacha⁹. Cuidíonn an sásra sin le CnaR freagairt go tapa d’iarrataí práinneacha ón bParlaimint, ón gComhairle nó ón gCoimisiún. Faoi chonarthaí an Aontais, áfach, níl aon seasamh dlíthiúil ag rúin sa Chomhairle.
- 23** De réir a thuarascálacha bliantúla, chuir CESE 1 015 thuairim ar fáil in 2019-2024, agus bhí 86 thuairim díobh sin faoi phróisis mheara formheasa¹⁰. In 2019-2024, léirítear i dtuarascálacha bliantúla CnaR gur ghlac sé 357 dtuairim san iomlán, lena n-áirítear 40 rún agus 15 thuairim mheara eile¹¹.

⁹ CnaR 2024 RNI, Rial 44 agus 46.

¹⁰ Rialacha Nós Imeachta CESE 2022, Rialacha 70, 79 agus 89-91.

¹¹ CnaR 2024 RNI, Rial 43.

Leanann na Coistí treoirlínte dréachtaithe agus na próisis athbhreithnithe atá bunaithe nuair atá tuairimí á dtabhairt acu

- 24** Tá rialacha agus treoirlínte leagtha síos ag an dá Choiste maidir lena dtuairimí a dhréachtú, lena n-áirítear ceanglais maidir le formáid, fad agus soiléireacht. Is stiúrthóireacht aistriúcháin atá inmheánach agus comhroinnte a chuireann uirlisí tacaíochta dréachtaithe, teimpléid agus treoraíocht ar fáil arb é is aidhm dóibh tuairimí a thabhairt ina n-úsáidtear teanga shoiléir ghonta, agus téarmaíocht chomhsheasmhach.
- 25** In CESE, nuair a cheaptar rapóirtéir le haghaidh tuairim nua, cuireann rúnaíocht na rannóige pacáiste faisnéise ar fáil ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha don rapóirtéir, don saineolaí, do chathaoirleach na rannóige agus do chomhaltaí an ghrúpa staidéir¹². Sa pacáiste sin, tá doiciméid chúlra agus ábhar tagartha, tuairimí ó CESE roimhe seo maidir leis na hábhair shonracha atá i gceist, agus treoraíocht phraiticiúil. Inár sampla, fuaireamar gur ullmhaíodh pacáiste faisnéise do gach ceann dár 30 cás inár sampla, ach amháin i gcás dhá chás inar chiallaigh a gcineál teicniúil nach raibh gá le pacáistí faisnéise.
- 26** Ar an gcaoi chéanna, nuair a cheaptar rapóirtéir in CnaR le haghaidh tuairim nua, faigheann sé anailís bheartais ón oifigeach beartais i rúnaíocht choimisiún CnaR atá freagrach as an tuairim. Tá cur síos sa tuarascáil sin ar an ábhar, ar thionscnaimh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a bhí ann roimhe seo sa réimse sin, ar fhorbairtí a rinneadh le déanaí, ar chaighdeán agus ar theimpléid, agus ar fhaisnéis faoi thuairimí gaolmhara ó CnaR roimhe seo. Inár sampla de 30 tuairim, fuaireamar gur ullmhaíodh an anailís sin le haghaidh 23 chás. Chuir CnaR in iúl dúinn gur ullmhaíodh na seacht gcás eile (rúin phráinneacha nó tuairimí le rapóirtéir ginearálta) trí phróiseas mear a úsáid¹³, nach n-áirítear leis anailís bheartais mhionsonraithe a ullmhú cheal ama.
- 27** In CESE, déantar seiceáil ar ábhar trí an bealaí seo a leanas: socrúithe maidir le sreabh oibre, an modh oibre maidir le ‘comhréiteach dinimiciúil’, agus an nós imeachta maidir le tuairimí a ghlacadh. Cuirtear gach dréacht faoi bhráid grinnscrúdú agus díospóireacht inmheánach agus il-leibhéal roinnt uaireanta (ag an meitheal, ag an rannóg agus, ar deireadh, ar an leibhéal iomlánach) sula nglactar go críochnaitheach é, d'fhonn tuairimí a thabhairt ar léiriú iad de na hábhair spéise agus dearcthaí atá ag an tsochaí shibhialta ar an bhformhór. Tacaíonn foireann CESE leis na rapóirtéirí trí shoiléireacht agus comhsheasmhacht na dtéacsanna a sheiceáil le linn phróiseas ullmhúcháin na dtuairimí.

¹² CESE (2020), [Treoraíocht chomhdhlúite maidir le tuairimí a ullmhú](#), roinn 6, pointe 6.8.

¹³ CnaR 2024 RNI, Riail 44.

- 28** Is léiriú é dréachtú na dtuairimí in CnaR ar leasanna agus tosaíochtaí éagsúla na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ar fud an Aontais. Déantar ábhar deiridh gach tuairime a mhúnlú trí phlé agus vótáil ar leasuithe arna gcur síos ag comhaltaí CnaR sna seisiúin théamacha agus iomlánacha (mír **08 d'Iarscríbhinn I**). Rúnaíochtaí choimisiúin an Choiste agus an duine den fhoireann atá i gceannas ar an gcás i rúnaíocht an ghrúpa pholaitiúil a chuireann tacaíocht bhreise dréachtaithe ar fáil.
- 29** Déanann rúnaíochtaí téamacha agus na haonaid aistriúcháin laistigh de Stiúrtóireacht Aistriúcháin chomhroinnte CESE-CnaR dréachtaí a athbhreithniú ó thaobh teanga de agus ar mhaithe le cruinneas teicniúil i ngach Coiste. Sula dtagann na tuairimí chuig an suí iomlánach, seiceálann seirbhísí riaracháin an dá Choiste go gcomhlíontar caighdeán agus go bhfuil siad soiléir.

Cuimsítear le tuairimí comhairliúchán córasach le raon éagsúil páirtithe leasmhara

- 30** Tá próisis forbartha ag an dá Choiste chun cur ar chumas rapóirtéirí tuairimí na ngeallsealbhóirí a chur san áireamh agus, ar an gcaoi sin, cáilíocht na dtuairimí a fheabhsú. Tá bealaí éagsúla acu freisin chun dul i dteagmháil lena bpríomhpháirtithe leasmhara, ag brath ar an gcineál tuairime, ar an ábhar agus ar an tréimhse ama atá ar fáil. In CESE, tacaíonn rúnaíochtaí na rannóg le rapóirtéirí chun a áirithiú go leanfaidh na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara de bheith ionadaíoch ar fhostóirí, ar oibrítithe agus ar an tsochaí shibhialta.
- 31** Braitheann méid na gcomhairliúchán ar chineál na tuairime agus is é saincheart an rapóirtéara é, rud a chuireann méid áirithe solúbthachta ar fáil. Uaireanta, cuireann an t-am teorainn leis an bpróiseas comhairliúcháin chomh maith. Mar thoradh air sin, cé gur áiríodh i roinnt tuairimí inár sampla tuairimí leathana agus éagsúla ó pháirtithe leasmhara (lena n-áirítear measúnú tionchair chríochaigh, staidéar ar ghnéithe réigiúnacha nó éisteachtaí poiblí), dréachtaíodh tuairimí eile go príomha tar éis comhairliúcháin a bhí teoranta do chomhthéacs áitiúil nó réigiúnach nó do pháirtithe leasmhara bunaithe sa Bhruiséil i gcás CnaR. Déantar taifead ar na comhairliúcháin seo in uirlis sreafa oibre na gCoistí, ach ní dhéantar é ar bhealach córasach i gcónaí.


- 32** Ós rud é gurb é sainordú CESE ionadaíocht a dhéanamh ar fhostóirí, ar oibrithe agus ar an tsochaí sibhialta eagraithe, déantar dréachtú i ngrúpaí staidéir ina bhfuil an líon céanna comhaltaí ó gach ceann de na trí ghrúpa. Éascaíonn sé sin comhtháthú thuairimí gach grúpa sna tuairimí. Chun tuairimí níos leithne a bhailiú, eagraíonn CESE comhairliúcháin le heagraíochtaí seachtracha na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí neamhrialtasacha nó le hacadóirí. In 2004, chruthaigh CESE struchtúr don idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ([an Grúpa Idirchaidrimh le heagraíochtaí agus líonraí Eorpacha na sochaí sibhialta](#)) agus [líonra de chomhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta an Aontais](#). Téann CESE i gcomhairle freisin le daoine óga ón tsochaí sibhialta eagraithe ([Promhadh na hÓige](#)) agus bíonn ionadaithe ó thíortha is iarrthóirí rannpháirteach ann ([Tionscnamh na gComhaltaí as na Tíortha is Iarrthóirí](#)).
- 33** Is é sainordú CnaR ná ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na n-údarás áitiúil agus réigiúnach. Is féidir le rapóirtéirí comhairliúcháin le geallsealbhóirí a eagrú agus tuairimí á n-ullmhú acu. Is iondúil go n-óstáiltear iad sin in áitreabh an Choiste agus d'fhéadfadh comhlachais réigiúnacha, saineolaithe acadúla nó ionadaithe ón tsochaí sibhialta a bheith rannpháirteach iontu. Téann CnaR i dteagmháil go hindíreach le páirtithe leasmhara freisin trí chomhar le comhlachais réigiún agus cathracha ar leibhéal an Aontais (e.g. [Eurocities](#), [Comhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa](#), [Tionól Réigiúin na hEorpa](#)). Baineann CnaR úsáid as roinnt sásraí agus líonraí nuair atá a thuairimí á ndréachtú aige, lena n-áirítear [líonra de mhoil réigiúnacha](#) agus an Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr agus Coimhdeacht Ghníomhach, an Straitéis um Measúnú Tionchair Chríochoaigh, agus an Sainghrúpa um Choimhdeacht.

Tá bearnaí i nósanna imeachta an Choiste chun saineolaithe a roghnú

- 34** Is ó chomhaltaí an Choiste, go háirithe na rapóirtéirí, agus ó ghrúpaí staidéir i gcás CESE a thagann an príomhionchur le haghaidh tuairimí. Is féidir le comhaltaí an dá Choiste saineolaithe ('comhairleoirí' i dtéarmaíocht CESE) a úsáid chun tacú le tuairim a chur le chéile. In 2019-2024, úsáideadh saineolaithe i bhformhór na dtuairimí (84 %); uaireanta, thug go leor saineolaithe comhairle maidir le haon tuairim amháin. Is é ról na saineolaithe eolas agus léargais speisialaithe a chur ar fáil chun dearcthaí an rapóirtéara féin a chomhlánú agus chun cabhrú le dréachtú tuairimí. Féadfar a iarraidh orthu freisin tacú leis an rapóirtéir nuair a phléitear tuairim ag an seisiún iomlánach, agus i gcruinnithe le hionadaithe ó institiúidí AE, le páirtithe leasmhara agus le páirtithe ábhartha eile. Ní íoctar na saineolaithe as a gcuid oibre, ach tá siad i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chostais taistil, chomh maith le liúntais taistil agus chruinnithe ar ráta comhréidh.

35 Sa tréimhse faoi iniúchóireacht (2019-2024), d'úsáid na Coistí saineolaithe don chuid is mó dá n-aschur, (*Fíor 3*). Inár sampla de 30 tuairim ó CESE, bhí saineolaithe rannpháirteach in 28 gcinn. In 11 chás, ceapadh níos mó ná saineolaí amháin le haghaidh tuairime (e.g. saineolaí amháin le haghaidh an rapóirtéara agus saineolaí eile le haghaidh grúpa). Maidir le sampla CnaR de 30 tuairim, bhí baint ag saineolaithe le 23 chás. Ní raibh dóthain ama ann chun saineolaithe a thabhairt isteach maidir leis na seacht gcás eile ar cuireadh nósanna imeachta práinneacha i bhfeidhm ina leith (mír [26](#)).

Fíor 3 | Rannpháirtíocht saineolaithe ag na Coistí



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí CESE agus CnaR.

36 In CnaR, níl aon nós imeachta bunaithe ann chun saineolaithe a roghnú agus fágat an rogha faoi rogha an rapóirtéara. Ardaíonn sé sin ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le trédhearcacht agus cáilíocht na saineolaithe roghnaithe, agus d'fhéadfadh sé riosca clú a chruthú chomh maith toisc go bhfuil sé níos deacra a léiriú go roghnaítear saineolaithe go hoibiachtúil agus gan coinbhleachtaí leasa. Níl clár saineolaithe ag CnaR ach an oiread, agus mar sin ní fhéadfar an taithí a fuarthas in aon tuairim amháin a choinneáil ná a athúsáid.

37 Tá clár rannpháirtíochta i bhfeidhm ag CESE ó chomhairleoirí roimhe seo, agus ní mór do gach comhairleoir féideartha CV a chur isteach ina léireofar an saineolas ábhartha a bhaineann le hábhar na tuairime. Féadfaidh an rapóirtéir iarrthóir a mholadh do Chathaoirleach na Rannóige, a bheidh freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an CV agus as an gcomhairleoir a cheapadh go foirmiúil. Mar sin féin, níl aon chritéir thrédhearcacha ar fud an Choiste chun saineolaithe a roghnú.

Ní thagann tuairimí chomh fada le reachtóirí an Aontais in am i gcónaí, agus ní dhéantar faireachán córasach ar mhoilleanna

38 Tá uainiú ríthábhachtach maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tuairim ar cheapadh beartas. De réir ECFE, 'is féidir le comhairle a fhoilsítear díreach roimh dhíospóireachtaí polaitiúla sa pharlaimint tionchar a imirt ar an bplé sin, ach tá tionchar na comhairle a thagann díreach lá amháin tar éis na díospóireachta i bhfad níos ísle'¹⁴.

I gcomhthéacs an Aontais, foráiltear leis na conarthaí go mbeidh na Coistí rannpháirteach go foirmiúil i bpróiseas reachtach an Aontais. Dá bhrí sin, chun go mbeidh tionchar ag tuairimí na gCoistí, ní mór spriocdhátaí polaitiúla institiúideacha tábhachtacha a chomhlíonadh, amhail spriocdhátaí i bParlaimint na hEorpa chun leasuithe a chur síos, vótaí i gcoistí na Parlaiminte agus, ar a dhéanaí, vótaí i seisiúin iomlána na Parlaiminte.

39 Bheimis ag dréim leis go ndéanfadh na Coistí an méid seo a leanas:

- a dtuairimí a thabhairt in am, i.e. laistigh de sprioc-amanna institiúideacha agus freisin tráth ar féidir leo tionchar a imirt ar na reachtóirí; agus
- sásraí a bhunú chun faireachán córasach a dhéanamh ar thráthúlacht a dtuairimí, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar phríomhspreagthaí na moilleanna agus bearta ceartaitheacha a mholadh.

¹⁴ ECFE (2017), *Córais Chomhairleacha Beartais*, lch. 58.


Is dúshlán é tuairimí a thabhairt laistigh de na spriocdhátaí institiúideacha

- 40** Ó 2009 i leith, tá sprioc-am trí mhí leagtha síos go comhsheasmhach ag Parlaimint na hEorpa, ach amháin i gcásanna práinneacha áirithe, chun freagraí a fháil ó na Coistí¹⁵. Aithnítear an cleachtas sin i gcomhaontú comhair na Bealtaine 2024 idir Parlaimint na hEorpa agus CESE. I gcás CnaR, ní raibh aon fhoráil dlí ann lena gceanglaítear spriocdháta córasach trí mhí ach go praiticiúil úsáidtear é sin i gcás fhormhór (77 %) na dtarchur ón bParlaimint chuig CnaR. Socraíonn an Chomhairle spriocdháta beacht nó, i bhformhór na gcásanna, iarrann sí an tuairim a luaithe is féidir. Is féidir solúbthacht a bheith ann: féadfaidh an Pharlaimint spriocdhátaí a ghiorrú i gcásanna práinneacha, agus féadfaidh na Coistí nósanna imeachta brostaithe a úsáid chun seachadadh tráthúil a áirithiú, féach mír **23**.
- 41** Rinneamar anailís ar na táblaí sonraí a fuaireamar ó na Coistí do 2019-2024 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht fhoriomlán na dtuairimí maidir le tarchuir éigeantacha le spriocdhátaí institiúideacha. Tá líon na dtuairimí i gcomhchoibhneas le clár oibre reachtach an Aontais. Dá bhrí sin, ag tús agus ag deireadh théarma na Parlaiminte, iarrtar ar na Coistí níos lú tuairimí a thabhairt. As 336 tharchur éigeantacha san iomlán chuig CESE don tréimhse sin, tugadh 239 dtuairim (71 %) roimh na spriocdhátaí institiúideacha. As na 43 tharchur éigeantacha chuig CnaR le haghaidh na tréimhse céanna, tugadh 14 thairim (33 %) roimh na spriocdhátaí institiúideacha (*Fíor 4*).


¹⁵ Airteagal 304 CFAE.

Fíor 4 | Comhlíonadh na dtarchur éigeantach le spriocdhátaí institiúideacha

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)



Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR)




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí CESE agus CnaR.

Cuirtear tarchuir éigeantacha ar fáil ródhéanach uaireanta chun go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa iad a mheas go gníomhach

- 42** D'ainneoin spriocdhátaí institiúideacha foirmiúla, tá sé d'aidhm ag an dá Choiste tosaíocht a thabhairt do spriocdhátaí polaitiúla – amhail na spriocdhátaí sin do phléití agus do leasuithe choistí Pharlaimint na hEorpa, vótaí sna coistí sin, agus ar a dhéanaí, vótaí sheisiún iomlánach na Parlaiminte – chun an dóchúlacht go gcuirfead a n-ionchur san áireamh a uasmhéadú. Má chomhlíontar na 'limistéir tuirlingthe' institiúideacha sin, is mó an seans go mbeidh tuairimí an Choiste ábhartha agus go mbeidh tionchar acu ar an bpróiseas reachtach, go háirithe má thugtar iad roimh an gcéad mhalartú tuairimí sa choiste ábhartha de chuid na Parlaiminte.

43 Rinneamar comparáid idir na dátaí a glacadh tuairimí maidir leis na 14 tharchur éigeantacha chuig CESE inár sampla i seisiún iomlánach CESE laistigh de phríomh-gharspíocanna reachtacha na Parlaiminte. Chaill sé cinn as dhá tharchur déag na spriocdhátaí optamacha (i.e. na ‘limistéir tuirlingthe’, mar a léirítear i **bhFíor 5**), cé gur tarraingíodh siar reachtaíocht nó nár glacadh go fóill í i gcás dhá tharchur. I gcás CnaR, chaill tuairimí maidir le trí cinn de na ceithre tharchur éigeantacha inár sampla na spriocdhátaí is fearr, ach tugadh iad fós in am don vótáil ar leasuithe sa choiste ábhartha de Pharlaimint na hEorpa. Má fhaigheann an Pharlaimint tuairim tar éis an limistéir tuirlingthe is fearr, is lú an seans go mbreithneofar í, rud a chuireann srian ar a tionchar ar chinnteoireacht AE.


Fíor 5 | Tráthúlacht na dtarchur éigeantach agus garspíocanna reachtacha Pharlaimint na hEorpa



Foinse: CIE, bunaithe ar shampla CESE agus CnaR.

44 Rinneamar anailís freisin ar na sonraí a fuarthas ó na Coistí le haghaidh 2019-2024 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh foriomlán na dtuairimí maidir le tarchuir éigeantacha le spriocdhátaí polaitiúla. As na 336 tharchur éigeantacha san iomlán a rinne CESE le linn na tréimhse sin, lean 55 díobh nósanna imeachta parlaiminteacha speisialta nó ní raibh an vóta parlaiminteach ábhartha bainte amach acu go fóill, agus dá bhrí sin, eisiadh iad ó ríomh na comhlíontachta. I measc na 281 tharchur eile, rinneadh an chuid is mó (237, nó 84 %) díobh a sheachadadh roimh an vótáil i gcoiste na Parlaiminte (limistéir tuirlingthe ‘optamacha’ agus ‘inghlactha’) agus rinneadh 44 (16 %) díobh a sheachadadh tar éis vótáil choiste na Parlaiminte (limistéir tuirlingthe atá ‘moillithe’ agus ‘déanach’). I gcás CnaR, as na 43 tharchur éigeantacha le haghaidh 2019-2024, tugadh 32 (74 %) díobh roimh an vótáil i gcoiste na Parlaiminte agus tugadh ar 11 (26 %) díobh i ndiaidh vótáil choiste na Parlaiminte (*Fíor 6*).

Fíor 6 | Comhlíonadh na dtarchur éigeantach le spriocdhátaí polaitiúla




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí a fuarthas ó CESE agus ó CnaR.

45 Fuaireamar, i gcás CESE, go bhfuil méadú tagtha ar an am a theastaíonn chun tuairimí tarchuir a ghlacadh le linn na tréimhse iniúchóireachta. Tháinig méadú ar an meánfhad ó shannadh go glacadh sa suí iomlánach ó 97 lá in 2019 go 120 lá in 2024 (**Fíor 7**). Tógann sé tamall comhthoil a chothú i measc na ngrúpaí staidéir agus ní chuireann RNInna CESE teorainn le líon na gcruinnithe grúpa staidéir ná na gcruinnithe rannóige. Thugamar faoi deara go raibh bearnaí ama idir na céimeanna den tuairim inar dréachtaíodh 14 tharchur éigeantacha inár sampla de 30 tuairim ó CESE: i dtrí chás, tionóladh an chéad chruinniú den ghrúpa staidéir níos mó ná trí mhí tar éis an tsannta, agus i gceann amháin de na cásanna sin, tar éis sé mhí. Fuaireamar dhá chás freisin ina raibh glacadh na rannóg agus glacadh an tsuí iomlánaigh níos mó ná dhá mhí óna chéile. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach **Iarscríbhinn IV**.


Fíor 7 | Tarchuir ó CESE (laethanta ó shannadh go rannóg agus go glacadh sa suí iomlánach)

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

Méid laethanta ar an meán



Méid na dtarchur




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí a fuarthas ó CESE.

- 46** Maidir le CnaR, tá laghdú beag tagtha ar na hamanna glactha ó 248 lá in 2019 go 207 lá in 2024. Luaitear i RNI CnaR¹⁶ nach mór tuairim a ullmhú tar éis dhá chruinniú de choimisiúin CnaR ar a mhéad. Sheiceálar 30 cás inár sampla CnaR agus fuaireamar gur cloíodh leis an riail sin i ngach ceann de na 24 thuairim. Ní raibh feidhm ag an riail maidir leis na sé rún sa sampla toisc go nglactar rúin go díreach ag an seisiún iomlánach¹⁷. Dar le CnaR, is tosca a bhaineann lena fhéilire polaitiúil agus lena struchtúr glactha foirmiúil is mó is cúis leis na moilleanna. Ní thagann seisiún iomlánach CnaR le chéile ach cúig nó sé huair in aghaidh na bliana, rud a chiallaíonn, má chailleann tuairim an spriocdháta le haghaidh seisiún iomlánach ar leith, go bhféadfar an glacadh críochnaitheach a chur siar roinnt seachtainí nó míonna.
- 47** Is ionann an t-am idir cruinnithe coimisiúin agus cruinnithe iomlánacha Choiste na Réigiún agus thart ar aon trian (31 %) den am iomlán a chaitear ar tharchuir (*Fíor 8*). I measc na gceithre tharchur éigeantacha inár sampla de 30 cás, shainaithníomar cás ina raibh 48 lá caite idir glacadh choimisiún CnaR agus glacadh iomlánach, arb ionann é agus 35 % den am iomlán ón sannadh go dtí an glacadh críochnaitheach (136 lá). Thugamar ar aire freisin gur féidir le rioscaí tráthúlachta teacht chun cinn go luath sa sreabh oibre. Pléadh tarchur amháin den chéad uair ag coimisiún téamach 64 lá tar éis a thascanna. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach *larscríbhinn V*.

¹⁶ CnaR 2024 RNI, Riail 54(1).

¹⁷ Ibid., Riail 46.

Fíor 8 | Tarchuir ó CnaR (laethanta ó shannadh go coimisiún agus go glacadh sa suí iomlánach)



Ní dhéanann na Coistí rianú córasach ar spriocdhátaí institiúideacha nó polaitiúla

- 48** Níl uirlis uathoibríoch ag ceachtar den dá Choiste chun comhlíonadh spriocdhátaí a rianú ar bhealach comhsheasmhach ná córasach, chun faisnéis a sholáthar maidir le spriocdhátaí institiúideacha agus polaitiúla a bhaint amach, ná chun foláirimh uathoibríocha a eisiúint le haghaidh tuairimí déanacha. Ina theannta sin, níl sonraí stairiúla ar fáil go héasca maidir le sprioc-amanna institiúideacha an Aontais a chomhlíonadh.
- 49** Léiríonn uirlis sreafa oibre CESE garspriocanna saolré tuairimí (sonraí a fuarthas ó Agora maidir le gach tuairim ó chéim an tsannta go glacadh an tsuí iomlánaigh), faisnéis maidir le cruinnithe saineolaithe agus grúpaí staidéir, agus doiciméid ghaolmhara. Mar sin féin, tá easpa faisnéise ann, mar shampla, maidir le spriocdhátaí institiúideacha a leagtar síos le haghaidh tuairimí maidir le tarchuir, agus maidir le scaipeadh. Rinne rúnaíocht gach rannóige faireachán aonair ar chomhlíonadh na sprioc-amanna le linn fhorhmhór na tréimhse iniúchóireachta. Thug CESE isteach scarbhileog ag deireadh 2024 chun tráthúlacht i gcoinne spriocdhátaí inmheánacha a rianú, agus an méid sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionchódú de láimh ag an bhfoireann.

- 50** Baineann CnaR úsáid as uirlis sreafa oibre eile le haghaidh cumarsáid inmheánach, comhroinnt faisnéise agus aistriú eolais i measc chomhaltaí agus dhaoine d'fhoireann CnaR. Taispeánann an córas saolré iomlán na dtuairimí ó dhoiciméid oibre go dtí glacadh críochnaitheach, lena n-áirítear na leasuithe uile agus na cruinnithe gaolmhara uile. Comhdhlúthaítear leis sonraí ó uirlisí inmheánacha TF (e.g. Agora) agus sonraí a bhaineann go sonrach le tuairim a iontráiltear de láimh. Cumasaítear leis stádas tuairime, garspriocanna agus tionchar iarghlactha a rianú, agus áirítear leis faisnéis maidir le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí seachtracha. Thugamar faoi deara, áfach, nach n-úsáidtear na gnéithe sin go córasach. Is é an phríomhláidreacht atá aige go ndéanann sé faisnéis a lárú (e.g. maidir le tarchuir, stádas dréachtaithe, ualaí oibre choimisiúin CnaR). Cé go gcuireann sé feabhas ar mhaoirseacht ardleibhéil, éilíonn sé ionchur suntasach de láimh agus ní sholáthraíonn sé faisnéis chomhtháite lena nasctar spriocdhátaí institiúideacha agus polaitiúla le garspriocanna inmheánacha maidir le dréachtú, aistriúchán agus glacadh críochnaitheach. Tá timpeallacht TF ilroinnte, agus tá roinnt córas ag feidhmiú ag an am céanna. Tá easpa sonraí stairiúla ag CnaR freisin maidir le tráthúlacht.
- 51** Ceanglaítear le [Rialachán Airgeadais](#) an Aontais go n-úsáidfeadh táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí a bhaint amach, agus go ndéanfar é sin a thuairisciú i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí¹⁸. Baineann an dá Choiste úsáid as roinnt táscairí chun a bhfeidhmíocht a thomhas. Úsáideann CESE 40 príomhtháscaire gníomhaíochta agus feidhmíochta¹⁹. Úsáideann CnaR 87 bpríomhtháscaire feidhmíochta san iomlán²⁰. Mar sin féin, níl táscaire sonrach ag ceachtar den dá Choiste chun faireachán a dhéanamh ar sheachadadh tráthúil a dtuairimí, e.g. % de na tuairimí a tugadh roimh na spriocdhátaí is gá.

¹⁸ [Rialachán Airgeadais](#), Airteagail 33(2)(b) agus 74(9).

¹⁹ [Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí CESE 2024](#).

²⁰ [Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí CnaR 2024](#).

Tuairiscíonn na Coistí ar fhor-rochtain, ach le faisnéis theoranta faoi thionchar na dtuairimí

52 Ba cheart do chomhlachtaí comhairleacha beartais a gcomhairle a chur i láthair i bhformáidí sothuigte agus an chomhairle a dháileadh ar phobal leathan trí chainéil éagsúla meán²¹, chun inrochtaineacht na comhairle sin a mhéadú. De réir ECFE, ‘rannchuidíonn comhairle mhaith le torthaí beartais a fheabhsú i gcomhthéacs níos leithne [.]’ agus ‘tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus éifeachtacht an phróisis chun comhairle a sholáthar a thomhas’²². Thairis sin, le Bosca Uirlisí an Choimisiúin um Rialáil Níos Fearn²³, spreagtar rianú a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair lena léirítear ‘an mbaineann beartas a chuspóirí amach’.

53 Bheimis ag dréim leis go ndéanfadh na Coistí an méid seo a leanas:

- straitéis agus uirlisí cumarsáide a bheith acu chun infheictheacht a dtuairimí a mhéadú;
- for-rochtain agus tionchar na dtuairimí ar phróiseas reachtach an Aontais a thomhas.

Tá réimse leathan uirlisí cumarsáide agus for-rochtana ag an dá Choiste ach ní úsáidtear go córasach iad

54 Tá uirlisí cumarsáide agus bealaí for-rochtana éagsúla forbartha ag an dá Choiste, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, nuachtlitreacha, agus imeachtaí ar líne, ar nithe iad uile a neartaíonn for-rochtain dhigiteach na gCoistí. Tháinig méadú faoi dhó ar láithreach na gCoistí ar na meáin shóisialta idir 2019 agus 2024, agus shroich sí 222 000 leantóir do CESE agus 220 000 leantóir do CnaR ar ardáin na meán sóisialta.

²¹ ECFE (2017), *Córais Chomhairleacha Beartais*, lgh. 58-60.

²² Ibid., lgh. 26 agus 79.

²³ Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearn 2023, Uirlis #43.

- 55** Mar sin féin, ní bhaintear úsáid chórasach as na huirlisí cumarsáide agus for-rochtana éagsúla. Léiríonn uirlis sreafa oibre CnaR (féach mír **50**) go bhfuil éagsúlacht mhór sa mhéid gníomhaíochta cumarsáide dár sampla de 30 tuairim. Cé gur thacaigh gníomhaíochtaí iomadúla le 20 tuairim (preasráitis, na meáin shóisialta, preaspointí, cuirí do na meáin), bhí cúig cinn ag brath ar na meáin shóisialta amháin, agus ní raibh aon ghníomhaíocht chumarsáide taifeadta ag cúig cinn acu (rúin a bhí i dtrí cinn díobh sin, a ullmhaíodh gan rapóirtéir agus nach raibh mórán gníomhaíochtaí leantacha acu). D’ainneoin creat soiléir cumarsáide agus uirlisí tuairiscithe, tá doiciméadú córasach ar ghníomhaíochtaí for-rochtana fós teoranta sa chleachtas.
- 56** Dar le CESE, níorbh fhéidir measúnú den chineál céanna a dhéanamh, ós rud é nach bhfuil a gcóras sreafa oibre ceaptha chun cumarsáid agus gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann le tuairimí a ghabháil ná a rianú (féach mír **49**). Tá athruithe déanta ag CESE ar a chreat cumarsáide trína [straitéis chumarsáide do 2022-2027](#). Mar fhreagairt ar easnaimh sa straitéis roimhe seo – iarrachtaí ilroinnte, infheictheacht lag, agus easpa rianaithe tionchair – tugadh isteach leis an straitéis reatha tionscadail tosaíochta amhail athchóiriú suímh gréasáin, stiúideo closamhairc a chur ar bun, straitéis meán sóisialta, obair leantach fheabhsaithe ar thuairimí, agus méadrachtaí feidhmíochta.
- 57** Tá an dá Choiste tar éis a gcomhar idirinstiúideach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún a neartú, ag bogadh ó mhalartuithe neamhfhoirmiúla go creataí struchtúrtha atá ceaptha chun feabhas a chur ar a n-ionchur i dtimthriall beartais an Aontais. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach [Bosca 1](#).

Bosca 1

Comhar idirinstiúideach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach

I [gComhaontú Comhair 2024 ó CESE le Parlaimint na hEorpa](#), soiléirítear na nósanna imeachta atá ag coistí na Parlaiminte chun tústuairimí a iarraidh, bunaítear roghnú comhpháirteach reachtaíochta le haghaidh meastóireacht *ex post*, agus cuirtear cruinnithe ardleibhéil rialta idir ceannaireacht pharlaiminteach agus ceannaireacht CESE ar bhonn foirmiúil. Le [Prótacal 2022 leis an gCoimisiún Eorpach](#), tugadh isteach sainaitheint chomhpháirteach bhliantúil ar chúig ábhar le haghaidh tústuairimí a bhaineann le clár oibre an Choimisiúin, agus cuireadh ar chumas CESE rannchuidiú le meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair an Choimisiúin.

I [gComhaontú Comhair 2024 CnaR le Parlaimint na hEorpa](#) déantar foráil maidir le tuairimí ionchais a shainaithint go comhpháirteach, le rannpháirtíocht CnaR i gcruinnithe coiste agus idirghrúpa na Parlaiminte, agus le comhar maidir le rialáil níos fearr trí mheasúnuithe comhpháirteacha ar reachtaíocht agus ar chlár chaiteachais an Aontais. Treisítear i [gComhaontú Comhair 2024 leis an gCoimisiún Eorpach](#) an t-idirphlé polaitiúil trí rannpháirtíocht Uachtarán agus Choimisinéirí an Choimisiúin i gcruinnithe iomlánacha CnaR, bunaítear bealaí díreacha le haghaidh ionchur réigiúnach i gceapadh beartas, agus ceanglaítear ar sheirbhísí an Choimisiúin aiseolas spriocdhírthe a chur ar fáil maidir le rannchuidithe agus moltaí leasuithe CnaR.

Níl comhaontuithe foirmiúla comhair den sórt sin ag ceachtar den dá Choiste leis an gComhairle.

Foinse: CIE, bunaithe ar dhoiciméid CESE agus CnaR.

